Móirsheisear laoch lingeas troid

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 27]

Fearghal mhac Lughaidh Mhic Eochadha .cc.

1 Móirsheisior laoch lingios troid
ar shliocht Sheaáin Óig ordhraig,
cuaine an ghairgleómhain ón Ghleann,
airdeóghaidh uaille Éireann.

2 Fiachaidh ’s a chlann taoibh ré taoibh,
clann Aodha, Conall, Cathaoir,
seacht nguaisseabhaic an Ghleanna
’na n-uaithneadhaibh imreasna.

3 Atáid gan fhear dá n-easbhuidh
timchiol na seacht saoirfhear-soin;
tearc nách ionshóidh don fheadhuin,
seacht ttionóil do thréinfhearaibh.

4 Timchillid lé triath ó mBroin
oirior Bóinne, brugh Tuathoil,
líon deabhtha fá trom ttionóil,
’s na tealcha im fhonn Éireamhóin.

5 An uair do ghleósad is Goill
fán ngallráith ndaingin ndíoghuinn,
rug sluagh Raghnallach go réidh
buadh na n-achtrannach n-aigmhéil.